# Treoir do Thiománaithe maidir le Ceamaraí Deaise a úsáid

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Mar thoradh ar cé chomh hinacmhainne agus chomh maith agus atá siad anois, tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as córais fístaifeadta atá suite ar an deais, ar a dtugtar ‘ceamaraí deaise’.

Is féidir ceamaraí deaise a bheith dírithe amach ón bhfeithicil amháin agus iad a úsáid chun físeán a thaifeadadh den bhóthar romhainn agus/nó na daoine san fheithicil. Tá cineálacha ceamaraí ann lena dtaifeadtar fuaim agus físeán araon agus an taobh istigh den fheithicil agus an bóthar taobh amuigh di araon. D’fhéadfadh impleachtaí cosanta sonraí teacht chun cinn i gcás go dtaifeadtar físeán agus/nó fuaim de dhaoine aonair agus iad i bhfeithicil (i dtacsaí nó i mbus, de ghnáth) nó i gcás go dtaifeadtar físeán d’úsáideoir bóithre le ceamara deaise atá dírithe amach. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigeann tiománaithe a bhfuil ceamara deaise suiteáilte acu na hoibleagáidí a bhféadfadh bheith orthu faoin dlí um chosaint sonraí.

Ba cheart tabhairt faoi deara chomh maith, má dhéantar aon taifeadtaí fuaime laistigh d’fheithicil, bheadh gá le cosaint an-láidir a thabhairt don chomhréireacht agus riachtanas ag baint leo, toisc go bhfuil ard-riosca féideartha ag baint le taifead a dhéanamh de chomhrá príobháideach na bpaisinéirí.

## Stádas Oibreoir an Cheamara Deaise

Baineann oibleagáidí cosanta sonraí leo siúd a bhailíonn agus a phróiseálann faisnéis phearsanta de chuid daoine aonair (lena n-áirítear íomhánna agus taifeadtaí fuaime de dhaoine), seachas ar bhonn pearsanta amháin. Gach lá, déanann daoine aonair faisnéis phearsanta a phróiseáil ar a lán bealaí difriúla, de chineál pearsanta nó teaghlaigh amháin. Ní thagann an cineál seo próiseála faoi réir oibleagáidí cosanta sonraí, de bharr rud ar a dtugtar an ‘díolúine phearsanta’ nó ‘diolúine teaghlaigh’.

Mar sin féin, leagtar amach go soiléir sa chásdlí ón gCúirt is airde san Aontas Eorpach nach mór an díolúine seo a fhorléiriú go cúng.

Thug an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara sa bhreithiúnas uaithi i gcás Rynes vs Urad (2014), i gcás maidir le ceamara TCI seasta a chumhdaigh áit chonaithe agus sráid phoiblí araon:

> A mhéid a chumhdaíonn físfhaireachas spás poiblí, fiú amháin i gcás go gcumhdaíonn sé go páirteach é, agus atá sé dírithe dá réir sin amach ó shuíomh príobháideach an duine a phróiseálann na sonraí ar an mbealach sin, ní féidir féachaint air mar ghníomhaíocht ar gníomhaíocht 'de chineál pearsanta nó de chineál tís' amháin í chun críocha an dara fleasc d'Airteagal 3(2) de Threoir 95/46.

Cé gur le córas seasta TCI a bhain an cás sin, bhí impleachtaí soiléire aige d'aon úsáideoirí de theicneolaíocht físfhaireachais a thaifeadann fís agus/nó fuaim i spás poiblí. Beidh ar úsáideoirí ceamaraí deaise cineál agus fairsing aon taifeadadh a dhéanann siad a chur san áireamh, agus cuimhneamh an dtagann sé faoi réir na díolúine phearsanta, nó an bhfuil seans go dtiocfaidh an taifeadadh faoi scóip dlí um chosaint sonraí.

## Oibleagáidí Rialaitheora

Nuair atá sonraí pearsanta á phróiseáil, agus nuair nach bhfuil an díolúine phearsanta nó teaghlaigh i bhfeidhm, is cosúil go mheastar gurb é an té atá freagrach as an taifeadadh an 'rialaitheoir', faoi dlí um chosaint sonraí. Is é an rialatheoir ná an duine, an chuideachta nó comhlacht eile a chinneann conas agus cén fáth a phróiseáltar sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí.

Le haghaidh taifeadtaí a rinneadh le ceamara deaise i gcomhthéacs tráchtála nó i limistéar poiblí, d'fhéadfadh an úsáideoir bheith ina rialaitheoir sonraí agus mar sin beidh ceangal air an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a chomhlíonadh agus sonraí a phróiseáil de réir na bprionsabal um chosaint sonraí.

Is iad seo a leanas roinnt de na príomhphointí atá le breithniú ag rialaitheoirí:

- **Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach trédhearcach.** Cruthaíonn gníomhaíocht Ceamaraí Deaise roinnt dúshlán ó thaobh na trédhearcachta de toisc go gceanglaítear ar rialaitheoir faisnéis a thabhairt d'aon duine a bhfuil a s(h)onraí á mbailiú.
    - Ar an gcéad ásc, ba cheart comhartha nó greamán nó leid eile atá infheicthe go soiléir a bheith ar an bhfeithicil agus/nó taobh istigh di, de réir mar is infheidhme, chun a léiriú go bhfuil taifeadadh á dhéanamh.
    - Ba cheart duit beartas a ullmhú agus a chur ar fáil, ina leagfar amach sonraí teagmhála, an bonn dlíthiúil ar a bhfuil íomhánna nó fuaim de dhaoine eile á mbailiú, na cuspóirí ar chucu atá na sonraí á n-úsáid agus cá fhad a choinneofar tú na sonraí.

- D'fhéadfaí an fhaisnéis seo a chur ar fáil ach í a iarraidh i scríbhinn, i gcruth digiteach, nó ó bhéal, trí bheartais ar fáil ar líne san áireamh, fad is go gcuirfear na daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsana á phróiseáil ar an eolas faoi conas rochtain a fháil ar an bhfaisnéis.
- I gcás timpiste, ba cheart duit an páirtí eile a chur ar an eolas gur thaifead tú píosa scannáin den timpiste chun críocha trédhearcachta agus go ligfí le duine Iarratas ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhéanamh.
- Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le hoibleagáidí trédhearcachta a fháil ar láithreán gréasáin an DPC agus in Airteagail 12, 13 agus 14 GDPR.

- **Níor cheart sonraí pearsanta a choinneáil ach amháin a fhad a bheidh siad riachtanach agus chun an chuspóra ar chuige a bailíodh iad.** Ní mór do rialaitheoirí smaoineamh ar cá fhad a mbeidh orthu cóipeanna de thaifeadtaí a choinneáil.

    - D'fhéadfadh go mbeadh taifeadtaí de thimpiste ag teastáil d'imscrúdú coiriúil ag an nGarda Síochána agus is féidir iad a choinneáil chun an chuspóra sin.
    - Mar chuid de na hoibleagáidí trédhearcachta thuasluaite, caithfidh go gcuirfear daoine aonair ar an eolas chomh maith maidir le cá fhad a choinneofar taifeadtaí.
    - Níor cheart píosa scannáin a choinneáil go buan agus ba cheart é a scriosadh go rialta (i.e.má tá gné príobháideachais d'aon turas ann, is féidir píosa scannáníochta a scriosadh agus píosa eile a thaifeadadh ina áit, ach amháin má shábháiltear é d'aon ghnó) chomh luath agus nach bhfuil gá leis a thuilleadh don chuspóir lena bailíodh iad ar dtús no do d'aon cuspóir dlisteanach eile.
    - Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le prionsabal an teorannaithe stórála agus prionsabal na teorannaithe cuspóra a fháil i dtreoir an DPC ar na prionsabail um chosaint sonraí.

- **Ní mór sonraí pearsanta a choinneáil in áit shlán.** Ní mór do rialaitheoirí bheith ar an eolas faoi cé hiad na daoine a bhfuil rochtain acu ar a gceamara agus ar aon ghléasanna stórála ar a stóráiltear taifeadtaí agus teorainn a chur leis an líon daoine a bhfuil rochtain den sórt sin acu.

- **Tá sé de cheart ag daoine rochtain a fháil ar a sonraí.** Má tá taifeadadh ag rialaitheoirí de dhuine éigin, tá sé de cheart ag an duine sin rochtain a fháil ar na sonraí sin.

- Mar chuid den cheart chun rochtain a fháil, tá an ceart ag duine aonair go dtabharfar deimhniú dó/di an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi á bpróiseáil nó á stórail nó nach bhfuil.
- Tá tuilleadh faisnéise faoin gceart chun rochtain le fáil ar láithreán gréasáin an DPC, Ceisteanna Coitianta maidir le hiarrataí rochtana ó ábhair sonraí san áireamh.

D'fhoilsigh an DPC an-chuid treorach chomh maith ar a láithreán gréasáin faoi na freagrachtaí atá ar rialaitheoirí a bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil acu..

## Píosa Scannánaíochta a Fhoilsiú

Ba cheart dóibh siúd a bhfuil ceamara deaise in úsáid acu i limistéar poiblí a thuiscint go bhféadfadh go mbeadh gníomhaíocht próiseála eile é i gceist le píosa scannánaíochta a fhoilsiú, mar shampla ar ardáin mheán sóisialta, agus go ngabhann leis sin an baol go sárófaí cearta príobháideachta na ndaoine aonair atá sa phíosa scannánaíochta sin.

Chun úsáid a bhaint as aon taifeadtaí a bhfuil sonraí pearsanta i gceist leo, agus mura bhfuil eisceacht ar an dlí um chosaint sonraí ann, beidh ar an rialaitheoir cinntiú go bhfuil bunús dlí aige é sin a dhéanamh, go gcomhlíonann siad na prionsabail um chosaint sonraí ar gach bealach eile.

Féadfar údar a thabhairt le sonraí pearsanta a fhoilsiú chun críocha iriseoireachta in imthosca áirithe. Ní mór é sin a chothromú go cúramach, áfach, le cearta cosanta sonraí na ndaoine aonair lena mbaineann.

## Píosa Scannánaíochta ó Cheamara Deaise a Chomhroinnt

Féadfaidh an Garda Síochána iarraidh ar rialaitheoirí cóip de phíosa scannáin ó cheamara deaise a sholáthar le linn dó coir a imscrúdú. Faoi alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, is ceadmhach sonraí pearsanta, lena n-áirítear píosa scannáníochta ó cheamara deaise, a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí. Ba cheart don údarás iomchuí forfheidhmithe dlí bheith in ann a thaispeáint go bhfuil an píosa scannáin riachtanach le haghaidh cion coiriúil a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus ba cheart dó a leithéid de phíosa scannánaíochta a iarraidh i scríbhinn.

I gcás píosa scannánaíochta ó cheamara deaise a nochtadh le tríú páirtithe eile, nuair nach bhfuil imscrúdú coiriúil i gceist, baineann cinneadh an CJEU sa chás *Rigas* (C-13/16), toisc gur bhain sí le hiarratas ar nochtadh sonraí pearsanta de

chuid duine a bhí freagrach as timpiste bhóthair go dtí go gcuirfí éileamh dlí chun cinn. Luaigh an CJEU nach raibh aon oibleagáid dá leithéid ar an rialaitheoir an t-iarratas a cheadú chun an píosa scannánaíochta a nochtadh ar bhonn leasanna dlisteanacha.

Dúirt an CJEU chomh maith má bhí dlí náisiúnta i bhfeidhm a ligfeadh do shonraí pearsanta i bpíosa scannánaíochta ó cheameara deaise a nochtadh ar an mbealach sin le tríú páirtí eile d'éileamh dliteanais sibhialta a chur chun cinn, go mbeadh sé sin ceadaithe. Go dtí seo, níl aon dlí in Éirinn a ligeann do tríú páirtithe píosa scannánaíochta ceamara deaise a fhail ina bhfuil sonraí pearsanta. D'fhéadfadh go mbainfidh Rialacha na nUaschúirteanna maidir le horduithe follasaithe i gcásanna áirithe, ach ní mbainfidh siad nuair nach bhfuil an rialaitheoir sonraí páirteach go díreach sna himeachtaí sibhialta

## Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Láimhseálann an Coimisiún um Chosaint Sonraí gearáin ó dhaoine aonair a measann go bhféadfadh gur sáraíodh a gcearta cosanta sonraí. I gcás go sainaithneoidh an Coimisiún sáruithe ar an reachtaíocht cosanta sonraí in aon earnáil nó aon chás ar leith, beidh sé de chumhacht aige smachtbhannaí a fhorchur, lena n-áirítear mórfhíneálacha riaracháin a ghearradh.